

## Ábhar

Saol an mhic léinn

## Téacs Éisteachta

Mír as an gclár raidió ‘*Culchies sa Chathair*’ a rinne mic léinn ar Scéim na nIonad Cónaithe, An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath.

Le caoinhead ó Bhord na Gaeilge, An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath.

## Forbairt Bhreise

Sliocht as an leabhar *Ar an Taifead: fíis, fuaim, focal* le Breandán Delap (Cois Life: 2007).

Le caoinhead ó Chois Life agus ón údar.

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d’fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d’fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



## ‘Culchies sa Chathair’

### Réamhobair

Beidh tú ag éisteacht le sliocht as clár raidió a chuir mic léinn atá mar chuid den Scéim Chónaithe sa Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath le chéile. ‘Culchies sa Chathair’ an teideal atá ar an gclár agus baineann sé leis na difríochtaí idir mic léinn tuaithe agus mic léinn na cathrach. Sula n-éistfidh tú leis an mír, déan an réamhobair thíos.

- Lig ort go bhfuil ort féin agus do ghrúpa clár raidió leathuair an chloig dar teideal ‘Culchies sa Chathair’ a chur le chéile. Conas a thabharfadh sibh faoi? Pléigí an t-ábhar agus déanaigí plean.
- Mar bhunús leis an gclár seo, rinne na mic léinn ceistneoir a dhearadh. Scaip siad an ceistneoir ar mhic léinn eile chun eolas a bhailiú maidir le nithe éagsúla a bhaineann le saol na mac léinn cathrach agus saol na mac léinn ón tuath. Dá mbeadh ort an ceistneoir a dhearadh cad iad na ceisteanna a bheadh agat ann? Pléigh agus scríobh.
- Seo cuid de na nithe a ndearnadh iniúchadh orthu sa cheistneoir – pléigh iad le do ghrúpa.
  - Cé chomh minic is a théann mic léinn na tuaithe abhaile?
  - Na rudaí is tábhachtaí do mhic léinn na tuaithe agus iad i mBaile Átha Cliath.
  - Na háiteanna ina dtagann mic léinn le chéile go sóisialta.
  - An dearcadh atá ag mic léinn na cathrach ar mhic léinn na tuaithe.
  - An dearcadh atá ag mic léinn na tuaithe ar mhic léinn na cathrach.

### Éisteacht

Anois éist leis an mír agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

- Cad iad na staitisticí a luaitear maidir le dearcadh an dá dhream mac léinn ar a chéile?
- Scríobh pointí ginearálta faoin méid a deir na mic léinn éagsúla faoina dtaithí.

### Feasacht Teanga

- ‘...i measc mhic léinn na hOllscoile...’

Cén ghné den ghramadach atá i gceist sa fhrása seo?

- Cuir na frásaí seo in abairtí a léireodh a mbrí:

faoi seach  
ceachtar  
i leith

- Tá foirmeacha ceisteacha riachtanach chun agallaimh agus suirbhéanna a dhéanamh ach is minic a chothaíonn siad deacrachtaí d'fhoghlaimoirí. Pléigh an méid atá ar eolas agat fúthu agus déan iarracht Gaeilge a chur ar na ceisteanna thíos.

1. When did you go? (cathain?)
2. When did you go? (cén uair?)
3. What did you do last night?
4. Where did you do that?
5. How often do you listen to Raidió na Gaeltachta?
6. Don't you ever listen to Raidió na Gaeltachta?
7. How did you get that book? (conas?)
8. Why did you get that book? (cén fáth?)
9. Why did you do that? (cad chuige?)
10. How did you do that essay? (cén chaoi?)

- An bhfuil Gaeilge agat ar na focail thíos a bhaineann le suirbhéanna?

45%	a percentage	comparative analysis
maximum	minimum	statistics
majority	minority	the total

## Iarobair

### Plé

- Cad a shíl tú den mhír seo? Cad é an gaol atá idir mic léinn ón gcathair agus mic léinn ón tuath i do choláiste féin? Cé acu is dúshlánaí, dar leat: saol na mac léinn cathrach nó saol na mac léinn ón tuath?
- Cad iad na réamhthuirimí atá ann faoi mhuintir na tuaithe in Éirinn? Faoi mhuintir na gcathracha? An bhfuil difear idir na réamhthuirimí atá ann maidir le daoine as na cathracha éagsúla: Baile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Béal Feirste, Gaillimh?

## Tascanna

- Bí ag obair i ngrúpa de cheathrar. Roghnaíí ceann de na pointí thíos. Forbraíodh beirt agaibh pointí a bheadh oiriúnach do dhíospóireacht i bhfabhar an rúin sin agus forbraíodh an bheirt eile pointí a bheadh oiriúnach do dhíospóireacht i gcoinne an rúin. Nuair a bheidh sibh sásta go bhfuil na pointí forbartha agus cleachta agaibh, cuiríí tús leis an díospóireacht.
  - Ní féidir a rá go bhfuil tú ag baint tairbhe cheart as do chuid ama sa choláiste má théann tú abhaile gach deireadh seachtaine.
  - Níl tú ag blaiseadh de shaol an mhic léinn mar is ceart má tá tú i do chónaí sa bhaile le do thuismitheoirí.
- Léigh an téacs faoi phacáistí raidió agus déan na tascanna seo a leanas bunaithe air.

- Aimsigh tréithe teanga a chuireann canúint an scríbhneora in iúl.
- Aimsigh an leagan Gaeilge de na frásaí seo sa téacs ach déan iarracht Gaeilge a chur orthu tú féin ar dtús.

the gist of the story  
the success of the package  
fairly  
irrelevant information  
unlike an interview

- ‘cúrsaí beatha’: Cén bhrí atá le ‘beatha’ sa chomhthéacs seo?

Cad is brí leis na frásaí thíos?

beatha dhuine a thoil  
sheol mé cúrsa beatha chuig an gcomhlacht sin  
tá an áit ina beatha le cuileoga  
slí bheatha  
tá beatha sna prátaí  
beatha mhara  
tá cuma bheathaithe air

- Cén ghné den ghramadach atá i gceist i ngach ceann de na frásaí thíos?

úsáid chruthaitheach  
na meáin Ghaeilge  
naisc chainte

roinnt agallamh

- ‘...Amharclann intinne is ea an raidió...’: Cad atá i gceist ag an scríbhneoir leis seo? Cé acu is fearr leatsa – teilifís nó raidió? Cén fáth?
- Cad a shíleann tú den mhéid atá le rá ag an scríbhneoir faoi úsáid an cheoil i bpacáistí raidió? An bhfuil aon samplaí agat féin? Cad a shíleann tú faoi úsáid an cheoil i bhfógraí raidió agus teilifise?
- Scríobh cuntas ar an bhfógra teilifise is fearr a chonaic tú nó ar an bhfógra raidió is fearr a chuala tú. Déan tagairt do na nithe a luaitear sa téacs i do chuntas.
- Éist leis an gclár ‘*Culchies* sa Chathair’ ina iomláine agus déan anailís air ó thaobh na nithe a luann an scríbhneoir ba cheart a bheith i bpacáistí raidió. Scríobh léirmheas gearr. Tá nasc chuig an gclár le fáil ar an suíomh gréasáin seo:

<http://www.ucd.ie/bnag/ga/>

## Téipscript

Le tuiscint níos fearr a fháil air seo, rinne foireann an chláir seo taighde dá gcuid féin i measc mhic léinn na hOllscoile. Líon na mic léinn sin ceistneoirí ar a raibh ceisteanna ag baint le hábhair ar nós: Cé chomh minic is a théann siad abhaile? Cad iad na rudaí is tábhachtaí dóibh agus iad i mBaile Átha Cliath? Cad iad na háiteanna a dtagann siad le chéile go sóisialta? Cén dearcadh atá ag lucht na cathrach ar mhuintir na tuaithe agus a mhalairt?

Bhí mic léinn na cathrach agus na tuaithe araon dearfach faoi Bhaile Átha Cliath. Dúirt 92% de na mic léinn ó Bhaile Átha Cliath go raibh an chathair fáilteach agus bhí an tuairim chéanna ag 93% den dream ón tuath. Cheap 94% agus 100% faoi seach go raibh an chathair bríomhar ach níor cheap ceachtar den dá ghrúpa go raibh an chathair róghlan. Dúirt 75% den dream arb as an chathair iad go bhfuil sí salach agus bhí an tuairim chéanna ag 85% de mhuintir na tuaithe. Bá é an saol sóisialta an rud ba thábhachtaí don dá ghrúpa – ní ba thábhachtaí ná lóistín, córas iompair, áiseanna, nó fiú an timpeallacht. Cé chomh sábháilte is a bhraitheann na mic léinn i mBaile Átha Cliath? Bhuel, dúirt 29% de mhic léinn na cathrach gur bhraith siad an-sábháilte ina gcathair dhúchais ach ní raibh aon duine i measc lucht na tuaithe a bhraith mar sin. Ach braitheann an dá ghrúpa go mór ar a suaimhneas san Ollscoil. Dúirt 75% de bhunadh Bhaile Átha Cliath gur mhothaigh siad an-sábháilte ar an champas agus bhraith 67% de lucht na tuaithe an-sábháilte ansin. Anois maidir leis an dearcadh atá ag an dá ghrúpa ar a chéile, braitheann 70% de mhuintir na cathrach dearfach nó an-dearfach faoi mhuintir na tuaithe. Ach ní mheasann ach 16% acu go bhfuil an dearcadh céanna ag muintir na tuaithe ina leith siúd. Braitheann 53% de mhuintir na tuaithe go bhfuil dearcadh diúltach ag bunadh na cathrach ina leith agus ní raibh ach 7% acu den bharúil go raibh dearcadh dearfach nó an-dearfach ag a ngrúpa féin i leith mhuintir na cathrach. Agus cén áit a dtéann siad amach go sóisialta? Is iad *D2*, *21* agus *Tripod* na trí ionad is fearr le mic léinn na cathrach. Agus mic léinn na tuaithe? Is maith leosan *D2* agus *Tripod* chomh maith, mar aon le *Copper Face Jacks*.

Uaireanta ní insíonn figiúirí, staitisticí agus ceistneoirí an scéal iomlán. Mar sin, mheas muid gur cheart dúinn labhairt le cuid den phobal seo le craiceann níos fearr a chur ar an scéal. Chuaigh ár gcomhghleacaí Caoimhín Mac Giolla Chinn chun cainte le mic léinn éagsúla fud fad na hOllscoile agus chuala sé go leor scéalta ó bhéal na ndaoine faoin taithí éagsúil atá ag lucht na tuaithe agus lucht na cathrach araon agus iad ag cur fúthu anseo san ardchathair.

*Caoimhín Mac Giolla Chinn*

An raibh sé deacair ort nuair a tháinig tú chuig an chathair ar dtús?

### *Cainteoir 1*

Nuair a tháinig mé chuig an chathair ar dtús cheap mé go raibh sí rómhór. Ní raibh ach cara amháin agam ón mbunscoil. Tar éis tamaill bhuail mé lena lán daoine agus ní raibh fadhb agam as sin amach.

### *Cainteoir 2*

Tá mé tar éis bogadh go dtí an chathair ón tuath agus sílim go bhfuil saoirse níos mó ag baint leis an chathair agus is féidir bualadh le daoine úra. Tá níos mó clubanna oíche ann agus craic níos fearr ann.

### *Cainteoir 3*

Is as Liatroim mé.

### *Caoimhín Mac Giolla Chinn*

Agus cad a cheapann tú faoi mhuintir na cathrach?

### *Cainteoir 4*

Tá siad go deas ach bhí timpiste aréir – bhí mé ag siopadóireacht agus bhí mála i mo lámh agus bhí sé ag luascadh agus bhuail mé duine trí thimpiste agus chas sé timpeall agus dúirt sé ‘will you watch where you’re going, you *culchie!*’

### *Cainteoir 5*

Sa chathair, *like*, bíonn na cailíní níos deise agus *you know* na cailíní sin ó *Athlone* níl siad go deas...*so*...faoin tuath *just like* níl siad chomh galánta...tá rud éigin faoi chailíní na cathrach atá *just* i bhfad Éireann níos fearr agus creidim féin go bhfuil *like* i bhfad Éireann níos mó rudaí le déanamh sa chathair. Bíonn tú in ann dul go dtí an phictiúrlann agus ní chaithfidh tú siúl *like* 50 míle go dtí Leitir Ceanainn má tá tú ag iarraidh dul go dtí an siopa chun bainne a cheannach, *you know*, nó dul go dtí an *well* chun uisce a fháil nó rudaí mar sin, *you know*.

### *Cainteoir 6*

Bhuel tá mé i mBaile Átha Cliath anois le dhá bhliain anuas agus ceann de na difríochtaí is mó ná go bhfuil níos mó saghas ruaille buaille fán chathair. Tá níos mó ag tarlú ná mar atá faoin tuath\*. Fosta, ceann de na buntáistí is mó atá ag baint leis an chathair ná an córas iompair, mar sa bhaile faoin tuath de ghnáth siúlann daoine gach áit agus anseo i mBaile Átha Cliath tá an deis againn an bus a fháil, nó tá tacsaithe ar fud na háite agus fiú an Luas agus an Dart. Sílim gur buntáistí ollmhóra iad.

\*‘ná a bhfuil faoin tuath’ a deirtear

## Téacs

Is iad na buneilimintí a bhíonn i bpacáiste raidió ná script, agallaimh, atmaisféar, ceol, maisíochtaí fuaimne agus ciúnas. Is féidir iad seo a mheascadh le chéile ar an bhealach is fearr le héirim an scéil a chur i láthair. Amharclann intinne is ea an raidió agus níor mhiste úsáid chruthaitheach a bhaint as focail agus fuaim sa phacáiste nuachta. Beidh rath an phacáiste ag brath ar scileanna agallóireachta agus cumas scéalaíochta an iriseora, mar aon le heagarthóireacht neamhthrócaireach agus cóiriú slachtmhar.

Séard a bhíonn sa phacáiste go hiondúil ná ciú, roinnt agallamh gairid agus naisc chainte ón iriseoir. Ba cheart go mbeadh príomhshonraí an scéil agus achoimre den tuairimíocht atá léirithe ina leith le fáil sa phacáiste, agus é curtha i láthair i mbeartán taitneamhach (mar a thuigfeá ón ainm).

Tá sé de bhuntáiste ag an phacáiste go dtig an dá thaobh de scéal a chur le chéile go cothrom agus gur féidir teicnící casta léiriúcháin ar nós maisíochtaí fuaimne a úsáid. Bua eile atá ag an phacáiste ná nach gá ach míreanna beaga d'agallamh a úsáid agus gur féidir aon eolas nach mbaineann le hábhar, nó go deimhin preabanna cainte, a fhágáil ar lár. Thig le pacáiste fóna beocht a thabhairt do théama tur. Murab ionann is agallamh, nuair a bhíonn gach aird dírithe ar an agallaí, bíonn ról níos lárnaí ag an iriseoir sa phacáiste agus é ag feidhmiú mar a bheadh reacaire nó treoraí don éisteoir.

...Thig úsáid chliste véarsa ceoil cur go mór le pacáiste. Ba mhaith a d'fhóir 'Good Vibrations', mar shampla, do chlár faisnéise a bhí ag an BBC faoi Dhroichead na Mílaoise i Londain a bhí ag crith gan choinne nuair a céadosclaíodh é. Ach thig leis an rogha ceoil a bheith chomh smolchaite céanna le sean-nathanna cainte. Rómhinic a chloistear 'Money, Money, Money' le hAbba i bpacáistí faoi chúrsaí airgeadais, nó 'Our House' le Madness nuair a bhíonn chúrsaí tithíochta faoi chaibidil nó ar bharr gach oilc 'Food Glorious Food' i bpacáistí a bhaineann le chúrsaí beatha.

Agus ar eagla go gceapfadh éinne go bhfuil na meáin Ghaeilge saor ó olc, chaithfeá an cheist a chur an bhfuil aon amhrán eile sa chartlann seachas 'Gleanntán Glas Ghaoth Dobhair' le cur síos a dhéanamh ar an pharóiste ársa úd? Is ionann an cás don imirce agus 'Cóilín Phádraig Shéamais' agus do chúrsaí mara agus 'Trasna na dTonnta'. B'fhéidir go bhfuil dul amú orm ach a luaithe is a chloisim dord na bpíob uilleann braithim nach dea-scéal ach a mhalairt atá le teacht sa phacáiste!...

As an leabhar *Ar an Taiifead: fíis, fuaim, focal* le Breandán Delap (Cois Life: 2007).

Le caoinchead ó Chois Life agus ón údar.